**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2013*

# Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
## Ardleibhéal
## Roinn A (60 marc)

**Dé Céadaoin, 19 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** 

## ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo

**A-1.** Sa ghrafaic 3D thíos taispeántar *Ciúb Rubik* agus seastán taispeántais.


Sa líníocht ar dheis taispeántar teilgin neamhchríochnaithe na rudaí sin.

**(a)** Críochnaigh ingearchló an chiúib.

**(b)** Tá sé beartaithe an ciúb a phacáistiú i sféar plaisteach, gan an seastán.

Aimsigh trastomhas an sféir is lú a d'fhéadfadh an ciúb a choinneáil agus tarraing an sféar sin sa taobhchló.







**A-2.** Sa ghrafaic thíos taispeántar liathróid bhabhlála agus pionnaí.

Sa líníocht ar dheis taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló neamhchríochnaithe de cheann de na pionnaí agus den liathróid bhabhlála, iad ag tadhall a chéile.

**(a)** Críochnaigh bonnchló na solad agus iad ag tadhall a chéile.

**(b)** Tarraing **bonnchló** dronsorcóra atá ina sheasamh go ceartingearach ar an bplána cothrománach. Tá barr an tsorcóra ag tadhall an phionna ag an bpointe **P** agus tá sé ag tadhall na liathróide freisin.







**A-3.** San íomhá thíos taispeántar comhartha taobh amuigh d'oifigí cuideachta ar a dtugtar *"Key Technologies"*. Sa chomhartha, trasnaíonn priosma triantánach cruach pirimid chopair theasctha (barrscoite).

Sa líníocht ar dheis thíos taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló neamhchríochnaithe de na solaid ag treá a chéile.

**(a)** Críochnaigh an bonnchló agus taispeáin na línte idirthreáite go léir. Bain úsáid as **plána gearrtha** chun na "pointí trasacha" ar an gciumhais **'de'** a aimsiú. *(Ba chóir an lógó den pholl eochrach a thaispeántar thíos a fhágáil ar lár i do líníocht.)*

**(b)** Aimsigh fíorchruth an triantáin **abc**.






**A-4.** Is minic a úsáidtear léasair in *Imscrúduithe ar Láithreacha Coireanna* chun rianta (ruthaig) piléar a aimsiú. Sa líníocht ar dheis, léirítear rian dhá piléar leis na línte **AB** agus **CD**.

**(a)** Agus úsáid á baint agat as tógálacha geoiméadracha, déan amach cén cineál línte díobh seo iad chun a fháil amach ar scaoileadh na piléir ón láthair chéanna:

☐ **Línte sceabhacha**


*nó*

☐ **Línte trasnaithe**

(Cuir in iúl le tic '✓').

**(b)** Tarraing líne a cheanglaíonn na pointí **A** agus **C**, agus aimsigh fíorfhad na líne sin.




**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe - Ní mór do scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

*(Scála 1:1000)*

